# Critéir maidir le rogha acmhainní le haghaidh ionchuimsithe in uirlisí OSPS ar líne

Is í forbairt suíomh tairsí, suíomh ar ar féidir le múinteoirí acmhainní teagaisc agus foghlama maidir le OSPS/ OCG a fháil, a tháinig chun cinn mar mholadh i dTuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna.

Níl na hacmhainní liostáilte ceaptha le bheith uileghabhálach ná saintreorach agus tá cead ag gach múinteoir/ scoil agus ag gach rang na hacmhainní is fearr dóibh féin a roghnú, bunaithe ar a gcuid riachtanas féin.

Is iad na **critéir a threoraíonn rogha** na n-acmhainní atá curtha san áireamh sna huirlisí úsáide ar líne ná:

Is acmhainn í...

- atá in ann tacú le pleanáil le haghaidh teagaisc agus foghlama den scoth in OSPS/OCG, nasctha leis an gcuraclam reatha
- atá bainteach le curaclam agus comhthéacs na hÉireann
- atá suas chun dáta, mealltach, cruthaitheach agus bainteach le spéiseanna agus riachtanais an scoláire.
- atá inúsáidte thar éagsúlacht na suíomhanna scoile atá ann in oideachas na bunscoile agus na hiar-bhunscoile
- ar fhorbair gníomhaireacht stáit í, nó gníomhaireacht/eagraíocht ag a bhfuil dea-chuntas teiste oideachasúil.
- nár tháinig ó fhoinse tráchtála/nach bhfuil leas brabúsach mar bhonn fúithi
- ar fáil saor in aisce ar líne.



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment